Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10885 – TRIVIUM / TCHIBO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 363/12)

1. An 13 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Trivium Vermögensverwaltungs GmbH ("Trivium", an Ghearmáin) agus a scairshealbhóir rialaithe aonair deiridh, ar duine nádúrtha é,

— TCHIBO Anlagen-Verwaltungsgesellschaft mbH agus TCHIBO GmbH, TCHIBO Group i dteannta a chéile ("TCHIBO", an Ghearmáin), atá faoi rialú deiridh Trivium agus a scairshealbhóir rialaithe aonair deiridh, ar duine nádúrtha é, chomh maith le Scintia Vermögensverwaltungs GmbH agus a scairshealbhóir rialaithe aonair deiridh, ar duine nádúrtha é.

Gheobhaidh Trivium agus a scairshealbhóir rialaithe aonair deiridh rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b), ar TCHIBO ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha nó aon mhodh eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is meán infheistíochta é Trivium atá corpraithe faoi dhlíthe na Gearmáine,

— Is soláthraí caife, réiteach caife agus earraí tomhaltóra eile é TCHIBO.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10885 – TRIVIUM / TCHIBO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.